Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

**Comórtas oscailte chun duine a cheapadh sa phost mar**

# Aistritheoir – Grád III

**i Seirbhís Thithe an Oireachtais**

An Dáta Deiridh: 13 Samhain 2025

# Clár an Ábhair

**Faisnéis Chúlra** ........ **3**

**Ról agus Freagrachtaí** ........ **7**

**Riachtanais iontrála** ........ **9**

**Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht** ..... **13**

**Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse** ........ **16**

**Próiseas an Chomórtais** ........ **25**

**Cearta Iarrthóirí** ........ **29**

---

Tá Seirbhís Thithe an Oireachtais tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Reáchtálfaidh Seirbhís Thithe an Oireachtais an feachtas seo de réir an Chóid Cleachtais: Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Foilsíonn an CCSP cóid chleachtais atá ar fáil ar www.cpsa.ie.

| | |
|---|---|
| Déan teagmháil le: | Sarah Casey<br>An tAonad Acmhainní Daonna,<br>Seirbhís Thithe an Oireachtais<br>91 Cearnóg Mhuirfean Thiar<br>Baile Átha Cliath 2 |
| Guthán: | (353) 1 618 3255 |
| Ríomhphost: | sarah.casey@oireachtas.ie |
| URL: | https://www.oireachtas.ie/ |

## Faisnéis Chúlra

**Teideal:** Aistritheoir – Grád III i Seirbhís Thithe an Oireachtais

**Oifig:** Rannóg an Aistriúcháin, Seirbhís Thithe an Oireachtais, BÁC 2

**Raon tuarastail:** Ó €39,476 go €79,618

**Saoire bhliantúil ón tús:** 25 lá

**Uaireanta Freastail:** 35 uair glan in aghaidh na seachtaine

**Cineál an Chonartha:** Buan (faoi réir tréimhse phromhaidh 12 mhí) **CLICEÁIL ANSEO** chun féachaint ar na Príomhchoinníollacha Seirbhíse a bhaineann leis an ról, lena n-áirítear cur síos iomlán ar an scála pá agus ar na pointí breisitheacha.

**Dáta deiridh an chomórtais:** Ní foláir duit d'iarratas a chur chuig recruitment@oireachtas.ie tráth nach déanaí ná 3pm Déardaoin, an 13 Samhain 2025.

### Eolas faoi Choimisiún Thithe an Oireachtais agus Seirbhís Thithe an Oireachtais

Is i dTithe an Oireachtais atá parlaimint náisiúnta na hÉireann suite. Is é Coimisiún Thithe an Oireachtais ('an Coimisiún') an comhlacht corparáideach reachtúil atá freagrach as Tithe an Oireachtais (Dáil Éireann, Seanad Éireann agus Coistí an Oireachtais) a reáchtáil, agus as Seirbhís Thithe an Oireachtais ('an tSeirbhís') a riaradh agus a bhainistiú.

Is í an tSeirbhís, le breis is 700 comhalta foirne, an ghníomhaireacht státseirbhíse neamhspleách a thacaíonn le reáchtáil an dá Theach agus a chuireann comhairle, saoráidí agus seirbhísí riaracháin ar fáil thar ceann an Choimisiúin, arb é an t-údarás ceannais é.

Is é nó is í an tArd-Rúnaí/Cléireach na Dála atá i gceannas ar an tSeirbhís. I dteannta Leas-ArdRúnaí, tá cúig rannán éagsúla ann, agus Rúnaí Cúnta i gceannas ar gach ceann díobh:

- Seirbhísí Parlaiminteacha
- Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí do Chomhaltaí
- Seirbhísí Faisnéise agus Taighde an Oireachtais
- Oifig na gComhairleoirí Dlí Parlaiminteacha
- Seirbhísí Digiteacha Parlaiminteacha agus Claochlú Digiteach

Bíonn an tSeirbhís á treorú ag an bhfís 'Oireachtas Daonlathach a Oibríonn go hÉifeachtach don Phobal'. Is é an misean atá ag an tSeirbhís tacú lenár ndaonlathas parlaiminteach trí bharr fheabhais a sholáthar inár seirbhísí parlaiminteacha. Tá luachanna na Seirbhíse bunaithe ar bharr feabhais, a bheith dírithe ar an duine, uilechuimsitheacht, nuálaíocht, neamhchlaontacht, agus cuntasacht.

Is iad seo a leanas príomhthorthaí straitéiseacha agus cuspóirí na Seirbhíse:

- Oireachtas Éifeachtach ina Spreagtar Barr Feabhais
- Áit Oibre den Scoth agus Oireachtas atá Dírithe ar an Duine
- Oireachtas Slán agus Inchothaithe
- Oireachtas Trédhearcach, Inrochtana agus Rannpháirteach go hIdirnáisiúnta
- Oireachtas Nuálach ina dTugtar Tús Áite don Digitiú
- Oireachtas ina gCumasaítear an Dátheangachas

## Na Buntáistí a bhaineann le bheith ag obair le Seirbhís Thithe an Oireachtais

### Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Spreagann an tSeirbhís an fhoireann go léir chun páirt a ghlacadh san fhoghlaim leanúnach. Tá Aonad Oiliúna agus Forbartha ar leith ann a chabhraíonn leis an bhfoireann teacht ar chúrsaí oiliúna ar líne agus i bpearsa. Cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun cúrsaí suas go leibhéal PhD a dhéanamh trí Scéim um Réamhíoc / Aisíoc Táillí. Bíonn deiseanna eile ann freisin chun forbairt ghairmiúil a dhéanamh, lena n-áirítear meantóireacht, cóitseáil, agus cláir forbartha scileanna ceannaireachta agus bainistíochta.

### Saoráidí atá ar fáil don Fhoireann

Tá neart saoráidí ar fáil don fhoireann ar an láthair, lena n-áirítear bialann lánseirbhíse, bialann féinseirbhíse, clúid chaife, creis agus seomra aclaíochta. I Leabharlann an Oireachtais, is féidir rochtain a fháil ar na meáin nuachta, leabhair acadúla, irisí, bunachair sonraí taighde agus ar bhallraíocht de líonraí gairmiúla.

### Cultúr agus Taithí an Fhostaí

Tá foireann Sláinte agus Folláine ar leith ag an tSeirbhís. Eagraíonn siad imeachtaí speisialta atá dírithe ar an meabhairshláinte agus ar shláinte an choirp. Tá 'Meitheal Ghlas' ann ar a bhfuil fostaithe ó aonaid éagsúla san eagraíocht. Bhíonn siad ag obair chun feabhas a chur ar chleachtais inchothaitheachta agus chomhshaoil na

heagraíochta.  Spreagtar caidreamh agus cumarsáid idir na comhaltaí foirne freisin leis na hócáidí a eagraíonn ár líonraí inmheánacha foirne, leis an gclub sóisialta, leis an gcór agus leis na deiseanna bliantúla a bhíonn ann chun obair shaorálach a dhéanamh.

### Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC)

Aithníonn an tSeirbhís go mbaineann gach uile dhuine tairbhe as foireann oibre ilghnéitheach agus tá sí dírithe ar chultúr cuimsitheach a chur chun cinn. Teastaíonn uainn, inár gcáil mar an pharlaimint náisiúnta, a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh timpeallacht oibre atá fíor-inrochtana agus cuimsitheach a chur ar fáil, ina gcaitear go cothrom le gach duine agus ina gcabhraítear leis na comhaltaí foirne go léir iad féin a chur in iúl ar shlí atá dílis dóibh féin agus a gcabhraíonn leo an leibhéal ardchumais atá iontu a bhaint amach.

### Timpeallacht Oibre

Cuireann an tSeirbhís roinnt scéimeanna éagsúla ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre, Pas Taistil bliantúil, tástálacha súl agus vacsaíní fliú. Tá beartas maidir le hobair chumaiscthe i bhfeidhm ag an tSeirbhís freisin agus cuirtear fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí i ngach aonad. Féadfaidh comhaltaí foirne iarratas a dhéanamh faoin scéim sin agus déantar na hiarratais a cheadú ag féachaint do riachtanais ghnó.

### Oireachtas Dátheangach

Táimid tiomanta do bheith ag cur lenár gcumas feidhmiú trí mheán na Gaeilge, arb í céad teanga an Stáit í. Mar chuid den obair atá á déanamh chun Oireachtas Dátheangach a fhorbairt, cuirtear tacaíocht agus oiliúint ar fáil d’aon duine ar mhaith leis nó léi feabhas a chur ar a chuid Gaeilge nó ar a cuid Gaeilge nó tosú á foghlaim.  Tá leabharlann iasachtaí Ghaeilge ann ina bhfuil leabhair do dhaoine ag gach leibhéal cumais, agus déantar maidineacha caife agus aoiléachtaí a eagrú ar bhonn rialta.

## Rannóg an Aistriúcháin

Is cuid den Rannán Seirbhísí Parlaiminteacha í Rannóg an Aistriúcháin. Is iad seo a leanas na príomhfhreagrachtaí atá ar Rannóg an Aistriúcháin:

- Na tiontuithe oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais a sholáthar;
- Na tiontuithe oifigiúla ar Ionstraimí Reachtúla a sholáthar;
- Seirbhís aistriúcháin chomhuainigh (ateangaireacht ó Ghaeilge go Béarla) a sholáthar do Thithe an Oireachtais;
- Ábhar a aistriú le haghaidh Riar na hOibre don dá Theach.

Ina theannta sin, soláthraíonn an Rannóg na seirbhísí seo a leanas:

- An Caighdeán Oifigiúil (graiméar oifigiúil na Gaeilge) a bhainistiú;
- Scéim Teanga Thithe an Oireachtais a bhainistiú;
- Seirbhísí aistriúcháin ilghnéitheacha a sholáthar do Sheirbhís Thithe an Oireachtais;
- Na leaganacha oifigiúla Gaeilge de theidil comhlachtaí Stáit, de scéimeanna oifigiúla agus de nithe eile, a dtagraítear dóibh sa reachtaíocht, a sholáthar;
- Liostaí a fhoilsiú de théarmaí as Achtanna an Oireachtais ar nós Lámhleabhar na nGearrtheideal.

Tá tuilleadh faisnéise faoi Rannóg an Aistriúcháin ar fáil ar:
http://www.oireachtas.ie/parliament/about/rannoganaistriuchain/

## Ról agus Freagrachtaí

Is duine den fhoireann aistriúcháin i Rannóg an Aistriúcháin é nó í an tAistritheoir – Grád III i Seirbhís Thithe an Oireachtais. Baineann dualgais lárnacha an róil seo le freagracht a ghlacadh as an aistriúchán agus as aschur ar ardchaighdeán a sholáthar ar bhealach éifeachtúil, d'fhonn príomhchuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.

Beifear ag súil leis go mbeidh eolas agus tuiscint ag na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ar chúlra agus ról Rannóg an Aistriúcháin. Is í an Ghaeilge teanga ghnó Rannóg an Aistriúcháin agus is í an Ghaeilge a úsáideann gach comhalta foirne le linn dóibh cumarsáid inmheánach oifigiúil a dhéanamh agus le linn idirghníomhaíochtaí le custaiméirí de chuid na Rannóige a úsáideann Gaeilge. Tá úsáid an Chaighdeáin Oifigiúil lárnach i ról Rannóg an Aistriúcháin. Ina theannta sin, beifear ag súil leis go léireoidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo go bhfuil siad tiomanta do na seirbhísí Gaeilge a chuireann Rannóg an Aistriúcháin agus Seirbhís Thithe an Oireachtais ar fáil a fhorbairt agus a fheabhsú i gcomhréir le fís straitéiseach na heagraíochta ina hiomláine.

Áireofar ar na príomhfhreagrachtaí:

- téacsanna dlí éagsúla, e.g. Achtanna an Oireachtais, agus téacsanna eile, a aistriú go Gaeilge agus ó am go ham go Béarla;
- seirbhís aistriúcháin chomhuainigh a sholáthar don dá Theach agus do Choistí áirithe (cuirfear oiliúint ar leith ar fáil le haghaidh an chúraim sin);
- feidhmiú ar mheitheal chun ábhar le haghaidh Riar na hOibre de chuid Dháil Éireann agus Sheanad Éireann a aistriú go Gaeilge go laethúil;
- tuarascálacha agus doiciméid eile a aistriú agus a sholáthar, de réir mar a iarrfar; agus
- profléitheoireacht a dhéanamh ar pháipéir Riar na hOibre, ar Imeachtaí agus ar ábhar eile, de réir mar a iarrfar.

Is ag tuairisciú go príomha d'Aistritheoir – Grád II a bhíonn Aistritheoir – Grád III. Beidh na daoine a cheapfar ag obair i gcomhar le haistritheoirí eile freisin mar chomhaltaí de mheithleacha atá freagrach as dualgais éagsúla a chomhlíonadh nó tionscadail éagsúla a chur i gcrích.

Tabhair do d'aire: Ní liosta uileghabhálach an liosta seo ach léiríonn sé na cineálacha éagsúla dualgas a bhaineann leis an ról. Féadfaidh an tSeirbhís dualgais agus

freagrachtaí eile atá oiriúnach don ról a shannadh ar Aistritheoir - Grád III de réir mar is gá. Amhail aon phost státseirbhíse eile san eagraíocht, d'fhéadfadh dualgais an phoist seo athrú i gcomhréir le riachtanais ghnó na Seirbhíse nó i gcomhréir le hathchóirithe polaitiúla uirthi.

## Scrúdú

Beidh ar iarrthóirí scrúdú a dhéanamh agus pas a fháil ann chun dul ar aghaidh chuig céim an agallaimh. Dhá pháipéar a bheidh sa scrúdú, lena ndéanfar cumas aistriúcháin na n-iarrthóirí, maille leis an gcaighdeán gramadaí atá acu, a mheas.

## Painéal

Féadfar painéal a bhunú de bhun an chomórtais seo trína bhféadfar folúntais amach anseo, idir shealadach, pháirtaimseartha agus bhuan, a líonadh le hiarrthóirí a n-éiríonn leo riachtanais an róil a chomhlíonadh, i gcás go dtiocfaidh folúntais den sórt sin chun cinn.

# Riachtanais iontrála

## Bunriachtanais

Ní mór a bheith ag iarrthóirí incháilithe, faoin dáta deiridh d'iarratais:

Cáilíocht Leibhéal 7, ar a laghad, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (nó a chomhionann).

## Inniúlachtaí Riachtanacha

Ní mór go mbeidh na sé phríomh-inniúlacht ag iarrthóirí, is inniúlachtaí a sainaithníodh mar inniúlachtaí atá ag teastáil chun feidhmiú go héifeachtach ag leibhéal an róil seo, agus ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann an méid sin a léiriú:

| **Aistritheoirí Grád III** |
| --- |
| **Gealladh Ceannaireachta** |
| • Bíonn sé nó sí solúbtha agus toilteanach é nó í féin a chur in oiriúint chun cur go dearfach le hathruithe a chur i ngníomh<br>• Cuireann sé nó sí le forbairt beartas ina réimse féin agus sa tSeirbhís níos leithne<br>• Déanann sé nó sí iarracht tuiscint a fháil ar na himpleachtaí a bhaineann le seasamh ar leith a ghlacadh i ndáil le saincheisteanna agus ar an gcaoi inar gá aghaidh a thabhairt ar chásanna idirspleáchais ar bhealach loighciúil comhsheasmhach<br>• Cuireann sé nó sí le cion na foirne a mhéid is féidir trí úinéireacht a mholadh, tacaíocht a sholáthar agus comhoibriú go héifeachtach le daoine eile<br>• Tagann sé nó sí ar thuairim faoi shaincheisteanna a mheastar gur saincheisteanna tábhachtacha iad agus déanann sé nó sí a chion nó a cion go gníomhach thar réimse suíomh |
| **Anailís agus Déanamh Cinntí** |
| • Tá sé de chumas aige nó aici beartais a anailísiú agus a fhorbairt, agus dúshlán an réamheolais a thabhairt agus cur chuige oscailte a ghlacadh<br>• Éiríonn leis nó léi tuiscint a fháil ar chúrsaí casta go gasta tríd an bhfaisnéis / trí na sonraí iomchuí uile a thógáil isteach go mear<br>• Aithníonn sé nó sí téamaí agus patrúin phríomhúla i bhfoinsí faisnéise éagsúla agus thar fhoinsí faisnéise éagsúla, agus tagann sé nó sí ar thátail chríonna |

thomhaiste

- Is duine seiftiúil cruthaitheach é nó í atá in ann teacht ar chuir chuige úrnua nuair a bhíonn fadhbanna á réiteach agus cinntí á ndéanamh

**Torthaí a Bhaint Amach**

- Glacann sé nó sí freagracht air féin nó uirthi féin chun cuspóirí / spriocanna comhaontaithe a bhaint amach
- Éiríonn leis nó léi tionscadail nó gníomhaíochtaí oibre éagsúla a bhainistiú agus a chur chun cinn
- Déanann sé nó sí spriocamanna le haghaidh tionscadal a mheas go cruinn agus déanann sé nó sí a chuid ama nó a cuid ama a bhainistiú go héifeachtach, ag féachaint chun cinn maidir le baic a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus ag cruthú pleananna lena sárú
- Bíonn fócas láidir aige nó aici i gcónaí ar an ngá freastal ar riachtanais custaiméirí
- Cinntíonn sé nó sí go ndéantar gach aschur a sholáthar ar ardchaighdeán agus ar mhodh éifeachtúil
- Úsáideann sé nó sí acmhainní go héifeachtach, ag tabhairt dúshlán próiseas chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht ar bhonn leanúnach

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Déanann sé nó sí cumarsáid ar bhealach líofa, loighciúil, soiléir agus cinntitheach ó bhéal agus i scríbhinn
- Is féidir leis nó léi éisteacht go héifeachtach agus cumarsáid sa dá threo a fhorbairt go gasta
- Bíonn fócas láidir aige nó aici ar an ngá freastal ar riachtanais custaiméirí inmheánacha agus seachtracha
- Téann sé nó sí i bhfeidhm ar dhaoine eile go héifeachtach agus spreagann sé nó sí iad chun gníomh a dhéanamh
- Bíonn sé nó sí ag obair chun tuiscint fhrithpháirteach a bhunú chun obair i gcomhar le daoine eile a chumasú
- Bíonn sé nó sí ag obair go héifeachtach le raon mór páirtithe leasmhara chun cuspóirí a bhaint amach

**Treallús agus Tiomantas i leith Luachanna na Seirbhíse Poiblí**

- Déanann sé nó sí a dhícheall nó a dícheall, ar bhonn leanúnach, feidhmiú ar

| |
|---|
| leibhéal ard<br>• Déanann sé nó sí iarracht leanúnach agus é nó í faoi bhrú agus bíonn teacht aniar ann nó inti maidir le haiseolas diúltach nó céimeanna ar gcúl san obair<br>• Léiríonn sé nó sí ardleibhéil tionscnaimh, ag glacadh úinéireacht ar thionscadail agus ag léiriú ardleibhéil neamhspleáchais<br>• Bíonn sé nó sí iontaofa go pearsanta agus is féidir brath air nó uirthi<br>• Déanann sé nó sí a chinntiú gurb é an saoránach bun agus barr gach próisis agus seirbhíse a sholáthraítear<br>• Feidhmíonn sé nó sí de réir ardchaighdeáin mhacántachta, eitice agus ionracais |
| **Eolas Speisialtóireachta, Saineolas agus Féinfhorbairt** |
| • Tá tuiscint shoiléir aige nó aici ar an ról, ar chuspóirí agus ar spriocanna agus ar an mbaint atá aige nó aici le hobair na rannóige agus le hobair na Seirbhíse<br>• Forbraíonn sé nó sí an saineolas is gá chun an ról a chomhlíonadh ar ardchaighdeán agus déanann sé nó sí an saineolas sin a roinnt le daoine eile<br>• Bíonn sé nó sí réamhghníomhach ó thaobh é nó í féin a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna agus forbairtí príomhúla a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a réimse féin, ar an tSeirbhís nó ar an tseirbhís phoiblí i gcoitinne<br>• Déanann sé nó sí athbhreithniú leanúnach ar a fheidhmíocht nó a feidhmíocht féin agus leagann sé nó sí cuspóirí agus spriocanna dúshlánacha amach dó nó di féin<br>• Bíonn saineolas ar leith aige nó aici ina réimse féin agus aithníonn comhghleacaithe an saineolas sin agus baineann siad leas as |

## Bunriachtanais

Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann na nithe seo a leanas a léiriú:

1. Eolas sármhaith ar an nGaeilge agus ar an mBéarla, idir an teanga labhartha agus an teanga scríofa;
2. An t-eolas agus na scileanna is gá chun na dualgais a shannfar orthu a chomhlíonadh, lena n-áirítear torthaí a bhainistiú agus a bhaint amach, treallús agus tiomantas, scileanna idirphearsanta agus cumarsáide agus a bheith in ann feidhmiú ar mheitheal.

## Scileanna Inmhianaithe:

1. Taithí ar obair aistriúcháin chomhuainigh agus ar phrofléitheoireacht;
2. Taithí agus tuiscint ar obair a dhéanamh ar dhoiciméid reachtaíochta;
3. Urlabhra shoiléir le haghaidh an aistriúcháin chomhuainigh;
4. Bunscileanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide;
5. Taithí ar bhogearraí aistriúcháin atá bunaithe ar chuimhní.

# Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht

## Sláinte

Ní mór d'iarrthóir ar an bpost agus d'aon duine a shealbhaíonn an post a bheith lán-inniúil agus lánchumas a bheith aige nó aici chun na dualgais a ghabhann leis an bpost a ghabháil de láimh agus ní mór go mbeidh bail sláinte air nó uirthi a léireodh go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeidh sé nó sí ábalta seirbhís rialta éifeachtach a chur ar fail.

## Carachtar

Aon iarrthóir ar an bpost, nó aon duine a shealbhaíonn an post, ní mór gur duine de dhea-charachtar é nó í.

## Riachtanas Saoránachta

Ní mór d'iarrthóir incháilithe:

a) A bheith ina shaoránach nó ina saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE) mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

b) A bheith ina shaoránach nó ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó

c) A bheith ina shaoránach nó ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

d) A bheith ina shaoránach nó ina saoránach nach saoránach LEE ag a bhfuil cead stampa 4* nó cead stampa 5;

*Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil cead 50 CAE, a cuireadh in ionad Stampa 4EUFAM tar éis Brexit, inghlactha mar choibhéis Stampa 4.

D'fhonn cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir thuas a bhaineann le saoránacht a chomhlíonadh faoin dáta a dhéanfaí aon phost a thairiscint.

## Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí,

Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta *ex gratia* le seirbhísigh phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (arna mhíniú leis na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamhincháilitheachta).

## An Scéim Dreasachta Luathscoir

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine a chuaigh ar scor faoin Scéim sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine a chuaigh ar scor ar an mbealach sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

## Sosanna Gairme

Faoi réir na riachtanais incháilitheachta a shásamh, tá an comórtas oscailte do chomhaltaí foirne atá ar shos gairme, ar choinníoll go bhfuil an sos gairme atá á ghlacadh acu i gcomhréir le forálacha Chiorclán (4/13) ón Roinn Airgeadais, agus do chomhaltaí foirne atá ar iasacht. Ní bheidh comhaltaí foirne atá ar shos gairme faoin Scéim Dreasachtaí Sosa Gairme, 2009 incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

## Ciorclán (7/2010) ón Roinn Sláinte agus Leanaí

Tugadh isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (LD) agus Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (SID) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid na Scéime LD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an Scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna i bhfeidhm maidir le hathfhostú faoi na SIDanna, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc. Ní bheidh daoine a bhain leas as an scéim LD incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim SID agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamhincháilitheachta).

## An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)

Tugadh isteach Scéim um Iomarcaíocht Dheonach d'Údaráis Áitiúla le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: *Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar a leagtar amach thuas, is coinníoll sonrach de chuid na Scéime LD sin é nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [arna mhíniú leis na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011 agus leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain ón dáta a d'imigh siad faoin Scéim sin. Tá feidhm ag na coinníollacha sin freisin i gcás fruiliú/fostú ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

## Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí dearbhú a thabhairt i dtaobh an amhlaidh gur bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

## Fostóir Rogha

Ina cháil mar fhostóir rogha, is iomaí beartais oibre atá solúbtha agus a thacaíonn le teaghlaigh atá i bhfeidhm ag an Státseirbhís, mar shampla, postroinnt, bliain oibre níos giorra, cianobair (atá i bhfeidhm ar bhonn 'cumaiscthe'), etc. Is féidir iarratas a dhéanamh ar na beartais roghnacha go léir de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí agus tá siad faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

# Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse

## Ginearálta

Is ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís an ceapachán seo agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

## Tuarastal

Is é seo a leanas an scála tuarastail RPP d'Aistritheoir – Grád III le haghaidh an phoist (tá éifeacht leis na rátaí thíos ón 1 Lúnasa 2025 ar aghaidh):

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| €39,476 | €41,997 | €42,670 | €46,036 | €49,413 | €52,824 |
| €56,392 | €58,645 | €60,908 | €63,191 | €65,460 | €67,736 |
| €70,011 | €72,279 | €74,567 (NMAX) | €77,094 (BFS1) | €79,618 (BFS2) | |

## Ranníoc Pearsanta Pinsin (RPP)

Beidh feidhm ag an ráta pá RPP i gcás go gceanglófar ar phearsa aonair Ranníoc Pearsanta Pinsin (dá ngairtear leis, ranníoc príomhscéime) a íoc de réir rialacha a bpríomhscéime aoisliúntais/a scéime aoisliúntais pearsanta. Ní hionann é sin agus ranníoc i leith ballraíocht i scéim do Chéilí agus Leanaí, ná ní hionann é agus Ranníocaí Aoisliúntais Breise (RAB).

Beidh feidhm ag ráta eile más rud é nach gceanglófar ar an gceapaí Ranníoc Pearsanta Pinsin a dhéanamh.

Féadfaidh breisithe fadseirbhíse a bheith iníoctha ar uasmhéid an scála pá tar éis seirbhís shásúil a chur isteach ar feadh 3 bliana (BFS1) agus 6 bliana (BFS2).

Is ag bun an scála a thosóidh an té a cheapfar agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir leis an ráta luacha saothair agus féadfar an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham de réir Bheartas an Rialtais. Féadfaidh feidhm a bheith ag téarmaí agus coinníollacha éagsúla más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí atá ag fónamh cheana féin an té a cheapfar.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, féadfaidh breisithe a bheith iníoctha de réir bheartas

reatha an Rialtais.

Déanfaidh an tSeirbhís asbhaintí reachtúla as an tuarastal de réir mar is cuí léi.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó caiteachais de réir Chiorclán 07/2018: *Recovery of Salary, Allowances, and Expenses Overpayments made to Staff Members/Former Staff Members/Pensioners*.

## Tionacht agus Promhadh

Is ceapachán chuig post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís é an ceapachán.

Mairfidh an conradh promhaidh go ceann tréimhse bliana ón dáta a shonrófar ar an gconradh.

Le linn thréimhse an chonartha promhaidh, beidh do chuid feidhmíochta faoi réir athbhreithniú ag do mhaoirseoir nó ag do mhaoirseoirí chun a chinneadh:

(i) an raibh do chuid feidhmíochta sásúil,

(ii) an raibh d’iompar ginearálta sásúil, agus

(iii) an bhfuil tú oiriúnach ó thaobh sláinte de, ag féachaint go háirithe do shaoire bhreoiteachta.

Sula dtiocfaidh deireadh leis an gconradh promhaidh, déanfar cinneadh i dtaobh an ndéanfar nó nach ndéanfar tú a choimeád de bhun alt 5A(2) d’Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, arna leasú. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar do chuid feidhmíochta agus í arna measúnú de réir na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Déanfaidh Seirbhís Thithe an Oireachtais mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú duit agus déanfar cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i dtaobh an phromhaidh a thabhairt duit.

D’ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfaidh ceachtar taobh an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Féadfar an conradh a shíneadh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí sna himthosca seo a leanas.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála;

- Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostóir a cheangal go bhfionrófar an tréimhse phromhaidh más rud é go meastar nach bhfuil an asláithreacht ar comhréir le leanúint den phromhadh, agus

- Beidh feidhm ag aon fhoráil reachtúil eile lena gceanglófar, maidir leis an tréimhse phromhaidh–

  (i) go mbeidh sí ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair ón obair, agus

  (ii) go gcríochnóidh an fostaí an tréimhse phromhaidh tráth a fhillfidh an fostaí ar an obair tar éis dó nó di a bheith as láthair amhlaidh.

Más rud é go ndéanfar an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí is cóir don fhostóir fógra a thabhairt don fhostaí faoi na himthosca a bhaineann leis an tréimhse phromhaidh a bheith curtha ar fionraí.

Déanfaidh gach duine a cheapfar tréimhse phromhaidh bliana. Maidir leis an duine a cheapfar, más státseirbhíseach é nó í a bhí i mbun oibre díreach roimh an gceapachán a d’eascair as an gcomórtas seo, agus mura n-éireoidh leis nó léi na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh, is gnáth go dtarlaíonn frithdhílsiú. I gcás frithdhílsiú, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád ina raibh sé nó sí roimhe sin sa Roinn ina raibh sé nó sí.

## Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 - 2015

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 - 2015 maidir le foirceannadh na fostaíochta seo de bhíthin amháin go mbeidh an conradh promhaidh seo tar éis dul in éag gan an conradh a bheith athnuaite.

## An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, más cuí, maidir leis an gceapachán seo.

## Ceanncheathrú

Is é an Ceanncheathrú cibé ceanncheathrú a ainmneoidh an tSeirbhís ó am go ham. I gcás gur gá don té a cheapfar taisteal ar dhualgas oifigiúil, déanfar caiteachais chuí taistil agus chothabhála, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse, a íoc leis nó léi. Is thart ar Shráid Chill Dara, BÁC 2, agus sa cheantar máguaird atá Seirbhís Thithe an Oireachtais lonnaithe faoi láthair.

## Uaireanta Freastail

Is iad na huaireanta freastail na huaireanta freastail a shocrófar ó am go ham faoi alt 23 den Acht um Fhoireann Thithe an Oireachtais, 1959. Faoi láthair, is ionann iad agus 41 uair an chloig agus 15 nóiméad i gcomhlán (35 uair an chloig glan) in aghaidh na seachtaine. Ní mór a bheith solúbtha ó thaobh obair dhéanach agus uaireanta breise freastail a bheidh le déanamh ó am go ham de bharr riachtanais Sheirbhís Thithe an Oireachtais.

## Saoire Bhliantúil

Saoire bhliantúil 25 lá oibre a mhéadaíonn go 29 tar éis 5 bliana seirbhíse agus go 30 tar éis 10 mbliana seirbhíse a ghabhann leis an bpost seo. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt agus is bunaithe ar sheachtain cúig lá a thugtar é agus níl gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

## Saoire Bhreoiteachta

Íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bonn pro-rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse, de réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta. Ní mór d’oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC d’Aicme A sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an tSeirbhís. Is faoi réir an oifigigh atá sé na héilimh chuí ar shochar árachais shóisialaigh a dhéanamh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama is gá chun íocaíocht a fháil le linn na breoiteachta.

## Fostaíocht Lasmuigh

Is post lánaimseartha an post seo agus ní ceadmhach don oifigeach gabháil do chleachtas príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó lasmuigh a chuirfeadh isteach ar dhualgais oifigiúla a chomhlíonadh nó a bheadh míréireach ina leith sin.

## Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís tráth tairisceana an cheapacháin a thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi. I gcás ceapaí nár oibrigh riamh sa tseirbhís phoiblí, is iondúil go ndéantar an ceapachán bunaithe ar chomhaltas den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an “Scéim Aonair”). Tá sonraí uile na Scéime ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie.

I gcás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí scéime neamhaonair) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó i gcás go bhfuil sé nó sí ar

shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag téarmaí pá éagsúla. Déanfar teideal pinsin na gceapaithe sin a shuíomh i gcomhthéacs stair fostaíochta seirbhíse poiblí na gceapaithe sin.

Is mar a leanas atá na príomhfhorálacha a bhaineann le comhaltas den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilithe don Phinsean Stáit, a sheasann ag aois 66 i láthair na huaire.
- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí den scéim dul ar scor ag aois 70.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátáil gach bliain faoi threoir na Treoir-Uimhreach Praghsanna do Thomhaltóirí).
- Tá ceangal idir méaduithe pinsin iarscoir agus an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí.

## Laghdú Pinsin

Má bhí an té atá le ceapadh ar fostú roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí agus má tá pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tseirbhís phoiblí nó i gcás go dtiocfaidh pinsean Státseirbhíse/seirbhíse poiblí chun bheith iníoctha le linn a athfhostaíochta nó a hathfhostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir laghdú** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair do d'aire: Má dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha maidir le laghdú, más iomchuí. Ní shamhlaítear go dtabharfaidh an tSeirbhís tacaíocht d'iarratas ar dhíolúine ó laghdú i leith ceapacháin chuig an bpost seo.**

Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí agus má dámhadh pinsean dó nó di faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Scéim LD/SIDanna Chiorclán 7/2010 na Roinne Sláinte, nó Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar ní é aon cheann díobh a fhágann nach bhfuil duine incháilithe i gcomhair an chomórtais), scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe sin atá ag an gceapaí a áireamh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh teideal a bheith ag an gceapaí chuici.

## Ciorclán (102/2007) ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt

isteach. Is coinníoll de chuid na Scéime Luathscoir é gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht chiorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shraitheanna 1, 2 nó 3** den scéim sin agus má fhostaítear é nó í in aon cháil i réimse ar bith den earnáil phoiblí, **go scoirfear láithreach** de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Atosófar ar íocaíochtaí pinsin a íoc, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a atosófar ar íocaíochtaí pinsin a íoc, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh dó nó di roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh).

## Scor de dheasca Easláinte

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil sé de cheanglas ar aon duine a chuaigh ar scor de dheasca easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, ag an gcéad chéim den iarratas, a dhearbhú don eagraíocht atá ag riaradh an chomórtais earcaíochta go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige nó aici.

Ceanglófar ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil chun measúnú a dhéanamh ar an gcumas atá acu seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar, agus aird á tabhairt ar an riocht a d'fhág go raibh siad cáilithe do scor de dheasca Easláinte (SDE).

**Ceapachán tar éis scor de dheasca easláinte ón Státseirbhís**

Má éiríonn lena iarratas nó lena hiarratas sa chomórtas, ní mór don iarratasóir an méid seo a leanas a thabhairt dá aire nó dá haire:

1. Má mheasfar go bhfuil sé ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus má shannfar chuig post iad, déanfar a bpinsean easláinte de chuid na státseirbhíse a scor.

2. Mura n-éiríonn leis an iarratasóir ina dhiaidh sin an tréimhse phromhaidh a chríochnú nó má chinneann sé nó sí an post a shannfar dó nó di a fhágáil, ní bheidh aon fhrithdhílsiú ar stádas SDE na Státseirbhíse**, ná athshuíomh ar phinsean SDE na Státseirbhíse**, a bhí i bhfeidhm roimh an iarratas ná ní bheidh siad i dteideal an chéanna.

3. Ar é nó í a cheapadh, tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA) más rud é go mbeidh briseadh breis agus 26 seachtaine ann ina sheirbhís nó ina seirbhís inphinsin sa tseirbhís phoiblí nó sa Státseirbhís.

**Ceapachán tar éis scor de dheasca easláinte ón tseirbhís phoiblí:**

1. I gcás gur scoir pearsa aonair ó chomhlacht seirbhíse poiblí, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar a phinsean nó a pinsean easláinte ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.

2. Má éiríonn le hiarratasóir, beidh de cheanglas air nó uirthi ar é nó í a cheapadh, a fhógairt an bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (easláinte nó eile) á fháil aige nó aici agus d'fhéadfadh a phinsean seirbhíse poiblí nó a pinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir a laghdaithe.

3. Ar é nó í a cheapadh, tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA) más rud é go mbeidh briseadh breis agus 26 seachtaine ann ina sheirbhís nó ina seirbhís inphinsin sa tseirbhís phoiblí nó sa Státseirbhís.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil faisnéis níos sonraithe i ndáil le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean easláinte Státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil ag an nasc seo nó ar í a iarraidh ar an tSeirbhís.

## Fabhrú Pinsin

De réir Acht 2012, beidh teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i bhfeidhm i gcás go raibh duine ina chomhalta nó ina comhalta de níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin a bhí ann roimhe (i.e. Scéim neamhAonair). Déantar foráil maidir leis an teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin i gcás aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe sin.

## Seirbhísigh Phoiblí roimhe seo

D'fhéadfadh sé nach mbainfidh na téarmaí pinsin réamhshocraithe, arb éard iad comhaltas sa Scéim Aonair, mar atá leagtha amach sna míreanna roimhe seo, le ceapaithe áirithe. Tá na sonraí go léir i dtaobh na gcoinníollacha lena rialaítear cibé an comhalta den Scéim Aonair nó nach ea seirbhíseach poiblí leagtha amach in Acht 2012. Mar sin féin, is é an t-eochairchás eisceachtúil (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta) nach dtiocfaidh iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim Aonair, go ginearálta, i gcás gur oibrigh sé nó sí i gcáil inphinsin (téarmaí nach téarmaí scéime aonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 sheachtain ó dhul i mbun an cheapacháin. Déanfar teidlíocht pá agus pinsin ceapaí den sórt sin a shuíomh i gcomhthéacs stair fostaíochta an duine sa tseirbhís phoiblí.

## Ranníoc Aoisliúntais Breise

Beidh an ceapachán seo faoi réir an Ranníoca Aoisliúntais Breise (RAB) de réir an Achta

um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

**Tabhair do d'aire:** tá asbhaintí RAB sa bhreis ar aon ranníocaí pinsin (ranníocaí príomhscéime agus céilí agus leanaí) a cheanglaítear a dhéanamh faoi rialacha na scéime pinsean atá agat.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

## Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas

Beidh an ceapachán faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh iarrthóirí a n-éireoidh leo gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó dá héis.

## Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

## Réamhcheadú foilseachán

Aontóidh oifigeach gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla nó lena dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan réamhchead a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach údaraithe cuí eile.

## Gníomhaíocht Pholaitiúil

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha lena rialaítear státseirbhísigh agus an pholaitíocht.

Tá na ciorcláin go léir ar fáil ar an suíomh gréasáin www.gov.ie nó ón Rannóg Pearsanra.

## Fógra Tábhachtach

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh pá éagsúil agus coinníollacha

éagsúla a bheith i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag fónamh an ceapaí.

**Léirítear thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní cheaptar é a bheith ina liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile, a dhéanfar a leagan amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.**

# Próiseas an Chomórtais

## Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní foláir d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh mar iatán chuig recruitment@oireachtas.ie agus **Aistritheoir – Grád III Comórtas 2025** a chur sa líne ábhair.

Foirmeacha clóscríofa amháin atá inghlactha. Ní ghlacfar le foirmeacha lámhscríofa.

Ní foláir d'iarrthóirí gach rannán den fhoirm iarratais a chomhlánú.

Moltar d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go mbeidh an fhaisnéis a chuirfidh siad ar fáil ag croílár aon phróisis a d'fhéadfaí a úsáid amach anseo chun incháilitheacht a dhearbhú nó gearrliosta a dhéanamh.  Féadfar cinneadh a dhéanamh i dtaobh an mbeidh nó nach mbeidh tú curtha leis an liosta iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile sa phróiseas earcaíochta bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfidh tú ar fáil.

Féadfar plé níos doimhne a dhéanamh ar aon ní atá curtha san fhoirm iarratais agat má fhaigheann tú cuireadh chun agallaimh. Féadfaidh an bord a iarraidh ort samplaí breise d'inniúlachtaí a thabhairt inar léirigh tú na scileanna atá ag teastáil don phost seo. Is cóir duit smaoineamh ar roinnt samplaí inar léirigh tú gach ceann de na scileanna sin, mar sin.

Ná cuirtear aon deimhniú ar aghaidh i gceangal leis an bhfoirm iarratais. Iarrfar ar iarrthóirí deimhnithe bunaidh agus trascríbhinní a chur ar fáil ag céim an agallaimh.

Ní ghlacfar le CVanna ná le litreacha clúdaigh.

## An Dáta Deiridh

Ní foláir duit d'iarratas a chur isteach tráth nach déanaí ná **3pm Déardaoin, an 13 Samhain 2025**.

Mura mbeidh admháil á rá go bhfuarthas an t-iarratas uait faighte agat laistigh de 24 uair an chloig tar éis an t-iarratas a dhéanamh, cuir ríomhphost chuig: sarah.casey@oireachtas.ie.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.

Ní ghlacfaidh Seirbhís Thithe an Oireachtais aon fhreagracht as cumarsáid nach bhfuair iarratasóir rochtain uirthi nó nach bhfuair iarratasóir. Is cóir do na hiarrthóirí iad féin a

chur ar fáil ar an dáta/ar na dátaí a shonróidh Seirbhís Thithe an Oireachtais agus is cóir dóibh a chinntiú go bhfuil na mionsonraí teagmhála a shonraítear ar an bhfoirm iarratais cruinn.

## Modhanna Roghnóireachta

Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna modhanna roghnóireachta:

1. iarrthóirí a chur ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis atá ina bhfoirmeacha iarratais;
2. réamhagallamh iomaíoch;
3. agallamh cianda;
4. ceistneoir / ceistneoirí ar líne a chomhlánú;
5. sampla oibre / rólghlacadh / cleachtadh meáin / cur i láthair / scrúdú, agus aon tástáil nó cleachtadh eile a mheastar a bheith cuí;
6. agallamh iomaíoch deiridh.

## Gearrliostú

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a fhaightear i gcomhair poist ná líon na ndaoine a bhíonn ag teastáil chun folúntais reatha, agus folúntais amach anseo, a líonadh. D'ainneoin go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, dá mbeadh an líon daoine a dhéanfadh iarratas ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil gach duine díobh a chur faoi agallamh, d'fhéadfadh Seirbhís Thithe an Oireachtais a chinneadh nach dtabharfaí cuireadh chun agallaimh ach do líon teoranta díobh.

I dtaca leis sin, tá socrú déanta ag an tSeirbhís chun próiseas gearrliostaithe a úsáid chun grúpa daoine atá le cur faoi agallamh a roghnú, arb iad na daoine ar dealraitheach gurb iad na daoine is oiriúnaí don phost iad ar bhonn scrúdú ar na foirmeacha iarratais. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil iarrthóirí eile oiriúnach ná in ann dul i mbun an phoist, ach gurb ann d'iarrthóirí áirithe, ar dealraitheach, bunaithe ar a bhfoirmeacha iarratais, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos iomchuí acu.

Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú le haird ar chritéir chomhaontaithe a bheidh bunaithe ar riachtanais an phoist. Féadfar bunriachtanais agus scileanna inmhianaithe araon a chur san áireamh sa phróiseas gearrliostaithe.  Dá bhrí sin, is é do leas é mionchuntas cruinn a thabhairt san fhoirm iarratais i dtaobh na gcáilíochtaí, na scileanna agus na taithí atá agat.

## Iarrthóirí a bhfuil gá acu le Cóiríocht Réasúnach

Tá an tSeirbhís tiomanta dá chinntiú go mbeidh deis chothrom agus chomhionann ag gach iarrthóir. Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá gá agat le cóiríocht réasúnach le linn an phróisis roghnóireachta, molaimid duit an fhaisnéis sin a roinnt linn ar an bhfoirm iarratais chun gur féidir linn an tacaíocht chuí a thabhairt duit. Is samplaí den chóiríocht réasúnach iad am breise a cheadú duit san agallamh nó sa mheasúnacht nó teicneolaíocht chúnta a sholáthar.

Is tusa an saineolaí ar do riachtanais shonracha féin agus is faoi do stiúir a bheimid dá bhrí sin. Tabhair do d'aire go bhféadfaimis iarraidh ort doiciméadacht bhreise a chur ar fáil agus muid ag iarraidh tacú le do riachtanais. Is féidir cúnamh a iarraidh trí theagmháil a dhéanamh le Sarah Casey ar (01) 618 3255 nó sarah.casey@oireachtas.ie.

Is faoi rún a bheidh an fhaisnéis faoi aon chóiríocht réasúnach a bhfuil gá léi, agus ní úsáidfear í ach chun críche an phróisis roghnóireachta agus chun na críche sin amháin.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

## Imréiteach Slándála

Iarrfar imréiteach slándála i leith daoine a ndéanfar iad a bhreithniú le haghaidh ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm ghrinnfhiosrúcháin de chuid an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má bhreithnítear é nó í le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh gach scrúdaithe slándála iomchuí ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag a raibh cónaí air nó uirthi. D'fhéadfadh go ndéanfaí fiosrúcháin chomh maith le fórsaí póilíneachta in aon tír ina raibh cónaí ar an iarratasóir a bhfuiltear á bhreithniú nó á breithniú le haghaidh ceapacháin. Mura n-éireoidh leis an iarratasóir scriosfaidh Seirbhís Thithe an Oireachtais an fhaisnéis sin. I gcás go mbreithneofaí an t-iarratasóir ina dhiaidh sin le haghaidh post eile, beidh air nó uirthi an fhaisnéis sin a sholáthar an athuair.

## Faisnéis thábhachtach eile

Ní bheidh an tSeirbhís freagrach as aon chaiteachais a thabhóidh iarrthóirí a aisíoc.

Ní thugann cead isteach duine chuig comórtas, ná cuireadh chun agallaimh, le fios go nglacann an tSeirbhís leis go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil an duine dícháilithe de réir dlí chun an post a shealbhú agus níl aon ghealltanas i gceist leis go ndéanfar d'iarratas a bhreithniú tuilleadh.

Forchoimeádann an tSeirbhís an ceart chun iarratasóir a mheas mar iarratasóir neamh-incháilithe ag céim ar bith más léir nach bhfuil an t-iarratasóir incháilithe mar is gá / nach bhfuil na cáilíochtaí cuí is gá aige nó aici, mar shampla, bunaithe ar an bhfoirm iarratais a cuireadh isteach. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil sé de dhualgas ortsa a chinntiú go gcomhlíonann tú riachtanais incháilitheachta an chomórtais sula bhfreastalóidh tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais sin agus má théann tú faoi agallamh dá ainneoin sin, cuirfidh tú caiteachas nach bhfuil gá leis ort féin.

Sula molfar aon iarrthóir lena cheapadh nó lena ceapadh chun an phoist seo, déanfaidh an tSeirbhís gach fiosrúchán den sórt a meastar gur gá é chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go ndearnadh cinneadh den sórt sin, go dtí go dtabharfar gach céim den phróiseas earcaíochta chun críche go hiomlán.

I gcás go ndiúltóidh an duine a mholtar lena cheapadh nó lena ceapadh don cheapachán, nó go scarfaidh sé nó sí leis tar éis dó nó di glacadh leis, nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh nó lena ceapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnóireachta seo.

Má tharlaíonn folúntais den chineál céanna in áiteanna eile sa Státseirbhís, féadfar iarrthóirí a cheapadh ón gcomórtas seo.

## Cóid Chleachtais

Déanfar an próiseas earcaíochta agus roghnóireachta a bhaineann leis an gceapachán chun an phoist seo a sheoladh de réir an Chóid Cleachtais maidir le Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Léirítear na croíphrionsabail seo a leanas sa Chód Cleachtais:

- Ionracas
- Fiúntas
- Dea-chleachtas
- Comhsheasmhacht
- Trédhearcacht
- Ceapacháin a spreagann comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú

Moltar d'iarrthóirí iad féin a chur ar an eolas faoina bhfuil sa Chód Cleachtais, lena n-áirítear, inter alia, na forálacha i ndáil leis na freagrachtaí a chuirtear ar iarrthóirí a ghlacann páirt sa phróiseas earcaíochta agus roghnóireachta. Is féidir teacht ar an gCód Cleachtais ar https://www.cpsa.ie/.

## Cearta Iarrthóirí

### Nósanna imeachta i gcás go n-iarrfaidh iarrthóir athbhreithniú ar chinneadh a dhéanfar i ndáil lena iarratas nó lena hiarratas

Féadfaidh iarrthóir iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh má tá sé nó sí míshásta le gníomh nó cinneadh a dhéanfaidh an tSeirbhís. Breithneoidh an tSeirbhís iarrataí ar athbhreithniú de réir fhorálacha **Alt 7** den Chód Cleachtais: *Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Agus iarraidh ar athbhreithniú á déanamh, ní foláir don iarrthóir tacú lena iarraidh nó lena hiarraidh ar athbhreithniú trí chuntas a thabhairt ar na fíorais a chreideann sé nó sí a léiríonn go bhfuil an gníomh nó an cinneadh a rinneadh mícheart. Féadfar diúltú d'iarraidh ar athbhreithniú mura féidir le hiarratasóir tacú leis an iarraidh.

Molann CCSP, i gcás go measann an sealbhóir oifige go bhféadfaí an cheist a réiteach, agus faoi réir chomhaontú an iarrthóra, gur chóir iarracht a dhéanamh plé a dhéanamh ar bhonn neamhfhoirmiúil roimh úsáid a bhaint as an nós imeachta athbhreithnithe fhoirmiúil.

### An Nós Imeachta le haghaidh Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

- Ní mór iarraidh ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ón tráth a fhaightear fógra faoin gcinneadh, agus ba cheart go mbeadh an t-iarrthóir agus ionadaí don sealbhóir oifige a ghlac ról lárnach sa phróiseas roghnóireachta páirteach ann.

- I gcás ina mbaineann an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach de phróiseas roghnóireachta, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre ón tráth a fhaightear an cinneadh.

- I gcás ina mbíonn iarrthóir míshásta fós tar éis aon phlé neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé nó sí dul i mbun na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos.

- Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfar leis an ábhar ar mhodh athbhreithniú foirmiúil, ní mór dó nó di é sin a iarraidh laistigh de 2 lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoi thoradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

### An Nós Imeachta le haghaidh Athbhreithniú Foirmiúil ar Phróiseas Roghnóireachta

- Ní mór don iarrthóir a ábhar nó a hábhar míshástachta i ndáil leis an bpróiseas a chur in iúl i scríbhinn d'Ard-Rúnaí na Seirbhíse, agus cuntas a thabhairt ar na fíorais a chreideann sé nó sí a léiríonn go bhfuil an gníomh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.

- Ní mór iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ón tráth a chuirtear an cinneadh roghnóireachta in iúl. I gcás ina mbaineann an cinneadh le céim eatramhach de phróiseas roghnóireachta, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú a fháil laistigh de 4 lá oibre.

- Ní thabharfar aon síneadh ar na teorainneacha ama sin ach amháin in imthosca fíor-eisceachtúla agus is faoi lánrogha Ard-Rúnaí na Seirbhíse a bheidh sé aon síneadh den sórt sin a cheadú.

- De ghnáth, ní mór an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ón tráth a fhaightear an iarraidh ar athbhreithniú.

## An Próiseas Gearán

Féadfaidh go gcreidfidh iarrthóir go ndearna an tSeirbhís sárú ar Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a d'fhéadfadh baint de chóirchuibheas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tugann an próiseas gearán deis d'iarrthóirí (nó d'iarrthóirí ionchasacha) gearán a dhéanamh faoi Alt 8 chuig Ard-Rúnaí na Seirbhíse ar an gcéad ásc, agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí dá éis sin ar achomharc má tá siad fós míshásta.

- Ní foláir líomhaintí i dtaobh sárú ar an gCód Cleachtais a chur i scríbhinn, laistigh de thréimhse réasúnach, chuig Ard-Rúnaí na Seirbhíse ar an gcéad ásc. Ní foláir don ghearánaí cuntas a thabhairt ar na fíorais a chreideann sé nó sí a léiríonn go raibh an próiseas a leanadh mícheart. Ní foláir don ghearánaí an ghné den Chód a chreideann sé nó sí a sáraíodh a lua agus aon doiciméadacht iomchuí a thacódh leis an líomhain a sholáthar freisin. Féadfar diúltú do ghearán mura féidir leis an ngearánaí tacú lena líomhaintí trí mhíniú a thabhairt ar an gcaoi ar mhainnigh an tSeirbhís prionsabail an Chóid seo a chomhlíonadh.

- Féadfaidh Ard-Rúnaí na Seirbhíse, ar ghearán a fháil, a chinneadh go ndéanfar teagmháil leis an ngearánaí ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais: *Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí*, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, www.cpsa.ie

Níl aon oibleagáid ar an tSeirbhís próiseas ceapacháin a chur ar fionraí le linn di iarraidh

ar athbhreithniú a bhreithniú. Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás go ndearnadh athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas earcaíochta agus roghnóireachta faoi Alt 7 den Chód Cleachtais sin, nach bhféadfaidh gearánaí athbhreithniú eile ar an bpróiseas céanna a iarraidh faoi Alt 8, ach amháin in imthosca fíor-eisceachtúla a chinnfidh an Coimisiún dá lánrogha féin.

## Iarrataí ar Aiseolas

Tá aiseolas i ndáil leis an bpróiseas roghnóireachta ar fáil ach é a iarraidh. Tabhair do d'aire gur próiseas ar leith é an Próiseas Athbhreithnithe mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais é agus go bhfuil tréimhsí ama sonraithe is gá a leanúint ag baint leis. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a iarraidh. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile roimh an sásra athbhreithnithe a agairt. Ní féidir an tréimhse ama a leagtar amach sa Chód de chuid an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, a shíneadh ar aon chúis, soláthar aiseolais san áireamh.

## Oibleagáidí Iarrthóirí

Ní foláir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go mbeidh siad dícháilithe agus eisiata ón bpróiseas má dhéanann siad canbhasáil.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta;
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú;
- pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas;
- cur isteach ar an bpróiseas ná amhras a tharraingt air ar aon bhealach.

Is tábhachtach cuimhneamh gur próiseas iomaíoch é seo i gcomhair ról ina bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Má roinneann tú faisnéis faoin bpróiseas roghnóireachta, e.g., trí na meáin shóisialta nó ar aon slí eile, féadfaidh go ndéanfar tú a dhícháiliú ón gcomórtas.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Tabhair do d'aire go bhfuil gach ábhar measúnachta agus tástála faoi réir cóipchirt agus go bhfuil gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den ábhar tástála (lena n-áirítear sleachta faisnéise, ceisteanna nó roghanna maidir le freagraí), ábhair ghaolmhara ná agallamh nó agallaimh a atáirgeadh ná a tharchur in aon fhoirm ná trí aon

mheán, lena n-áirítear meán leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, grianghrafadóireacht, taifeadadh, meán scríofa nó eile, ag aon chéim. Is cion é déanamh amhlaidh agus féadfaidh go n-eisiafar thú ón bpróiseas roghnóireachta dá bharr. Aon duine a sháróidh an fhoráil seo, nó a chuideoidh le duine nó le daoine eile an fhoráil seo a shárú, dlífear é nó í a ionchúiseamh agus/nó agra sibhialta a dhéanamh ina aghaidh nó ina haghaidh mar gheall ar chaillteanas cóipchirt agus maoine intleachtúla.

## Sárú ar an gCód Cleachtais

Aon duine a sháróidh an fhoráil thuas nó a chuideoidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Aon duine a chiontófar i gcion, dlífear fíneáil nó príosúnacht a chur air nó uirthi.

Ina theannta sin, más rud é, maidir le duine a chiontófar i gcion, go raibh sé nó sí nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- dícháileofar é nó í mar iarrthóir agus déanfar é nó í a eisiamh ón bpróiseas;
- i gcás inar ceapadh é nó í chun poist tar éis an phróisis earcaíochta, cuirfear as an bpost sin é nó í.

## Trealamh Taifeadta a Úsáid

Ní thugann an tSeirbhís cead úsáid a bhaint as trealamh taifeadta de chineál ar bith ina áitreabh gan cead a bheith faighte chuige sin. Baineann sé sin le taifeadadh fuaime agus taifeadadh pictiúir shocair nó fístaifeadadh, bíodh nó ná bíodh taifeadadh fuaime i gceist leis, d’aon chineál, agus le haon ghléas a úsáidtear chun na gcríoch sin.

Ní foláir d’aon duine ar mian leis nó léi trealamh den sórt sin a úsáid chun aon cheann de na críocha sin cead i scríbhinn a iarraidh roimh ré. Is chun príobháideachas comhaltaí foirne agus custaiméirí agus sláine ár n-ábhair measúnachta agus ár bpróiseas measúnachta a chosaint atá an beartas sin ann.

Is sárú ar an mbeartas seo trealamh taifeadta a úsáid gan chead. Féadfaidh go ndícháileofar iarrthóir ón gcomórtas i gcás baint a bheith aige nó aici le sárú den sórt sin agus féadfar é nó í a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, más rud é, maidir le duine a chiontófar i gcion, go raibh nó go bhfuil sé

nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nár ceapadh é nó í chun poist, déanfar é nó í a dhícháiliú mar iarrthóir; agus
- i gcás gur ceapadh é nó í chun poist tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé nó sí an ceapachán sin.

## Critéir shonracha d'iarrthóirí

Ní foláir d'iarrthóirí:

- an t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chur i gcrích;
- a bheith oiriúnach ó thaobh carachtair de;
- a bheith oiriúnach ó thaobh gach gné iomchuí eile lena gceapadh don phost atá i gceist;
- agus má éiríonn leo, ní cheapfar sa phost iad mura rud é:
    - go n-aontóidh siad na dualgais a ghabhann leis an bpost a dhéanamh agus go nglacfaidh siad leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó faoina gceanglófar iad a chomhlíonadh;
    - go bhfuil siad lán-inniúil ar na dualgais a ghabhann leis an bpost a ghabháil de láimh agus go bhfuil siad ar fáil chun iad a ghabháil de láimh agus lánchumasach chun iad a ghabháil de láimh.

## Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh eile chun a mbreithnithe ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástáil eile ag an am agus san áit a cheanglaíonn an tSeirbhís nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise a theastaíonn ón tSeirbhís i dtaca le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Bítear ag súil leis go soláthróidh iarrthóirí an doiciméadacht go léir a iarrtar don tSeirbhís, lena n-áirítear na foirmeacha go léir a eisíonn an tSeirbhís lena gcomhlánú, laistigh de chúig lá tar éis na hiarrata. Má mhainníonn an t-iarrthóir déanamh amhlaidh, measfar gur tharraing sé nó sí siar ón gcomórtas agus ní bhreithneofar an t-iarratas a thuilleadh.

## Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Tá sé mar aidhm againn scothsheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí

go léir. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a fhaigheann tú uainn, iarraimid ort aird an aonaid nó an chomhalta foirne lena mbaineann a dhíriú ar an méid sin. Ní tábhachtach is ea é seo de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn na bearta cuí a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach.

Tabharfar aiseolas ach é a iarraidh i scríbhinn. Má iarrtar aiseolas, níl tionchar aige sin ar an tréimhse ama a leagtar amach chun athbhreithniú a iarraidh.

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí ar marthain faoin Treoir um Chosaint Sonraí de chuid AE.

Nuair a chláraíonn tú leis an tSeirbhís nó nuair a chuireann tú iarratas isteach le haghaidh comórtais, cruthaímid taifead ríomhaireachta i d'ainm. Déanfar faisnéis a chuirfear isteach le hiarratas poist a úsáid le linn d'iarratas a phróiseáil. I gcás go n-úsáidfear seirbhísí tríú páirtí le linn d'iarratas a phróiseáil, d'fhéadfadh gur gá faisnéis a sholáthar dóibh, ach glacfar gach réamhchúram is gá chun slándáil do shonraí a chinntiú. Má éiríonn leat sa chomórtas earcaíochta agus roghnóireachta, d'fhéadfadh sé go gcuirfí d'iarratas ar fáil d'aonad Acmhainní Daonna na Seirbhíse. Déantar míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann le haon duine ar leith, a bhaint as taifid chun críoch ginearálta staidrimh. Chun iarraidh a dhéanamh chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, seol d'iarraidh trí ríomhphost chuig: Dataprotection@oireachtas.ie agus déan cinnte go ndéanfaidh tú cur síos, a mhionsonraithe agus is féidir, ar na taifid atá á lorg agat chun a chumasú dúinn an taifead iomchuí nó na taifid iomchuí a shainaithint.